Epistil Phoil absdail chum na Philemon
The Epistle of Paul to Philemon

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1

Epistil Phoil absdail chum na Philemon
The Epistle of Paul to Philemon

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

Impidhe ar Philemoin, maitheamhnas fhior-chriosduighe thabhairt dá óglach annsa dioghbhail do dhearnadh.

Chapter 1

1 Pol, priosúnach Iósa Críosd, agus an dearbhrathair Timoteus chum Philémoin ionmhuin, agus ar bhfear cabhartha,
2 Agus chum Apphia ghrádhach, agus chum Archippuis ar gcoimhfhior coguidh, agus chum ne heaglaisi atá ad thigh:
3 Grása maille ribh, agus síothcháin, ó Dhía ar Nathair agus ón Dtíghearna Iósa Críosd.
4 Beirim buidheachus rém Dhía, ag sior chuimhneadh ortsa um urnuighibh,
5 (Do bhrigh go gcluínim iomrádh do ghrádhasa agus an chreidimh, atá agad a dtáobh an Tíghearna Iósa, agus a dtáobh na nuile náomh;)
6 Ionnus go mbíadh cumann do chreidimh éifeachdach a nadmháil na huile mhaitheasa atá ionnuibh tré Iósa Críosd.

7 Oír is mór an gáirdeachas agus an solás atá aguinn an do ghrádhsa, do bhrígh go bhfúaradar innighe na náomh furtachd thríodsa, a dhearbhráthair.
8 Uime sin, bíodh gur féidir leam bheith ro dhána a Gcriosd ris an ní atá iomchubhaidh dáithníughadh dhíot.
9 Gidheadh cheana tré ghrádh is usa liom impidhe chur *ort*, ar mbeith dhamh mar Phól fhoirfe, agus a nois fós um phríosúnach ar son Iósa Críosd.
10 Guidhim thu air son mo mhic Onesimus, noch do ghein mé a ngéibheanuibh:
11 An tí do bhí ar úairibh neamhtharbhach dhuit, achd a nois atá ró-tharbhach dhuitse agus damhsa:
12 Noch do chuir mé ar a ais: agus gabhsa chugad é, mar mo chroídhe féin:
13 Noch bá mían riumsa a chongmháil um fhochair féin, ionnus go ndéunadh sé miniosdralachd damh a tionadsa, a gcuibhrighibh an tsoisgéil:
14 Gidheadh níor áontuigh mé éinní dhéunamh gan do thoilse; ionnus nach bíadh do mhaithse amhuil tré éigean, achd do réir do thola féin.

1 Paul, a prisoner of Jesus Christ, and Timothy *our* brother, unto Philemon our dearly beloved, and fellowlabourer,
2 And to *our* beloved Apphia, and Archippus our fellowsoldier, and to the church in thy house:
3 Grace to you, and peace, from God our Father and the Lord Jesus Christ.
4 I thank my God, making mention of thee always in my prayers,
5 Hearing of thy love and faith, which thou hast toward the Lord Jesus, and toward all saints;

6 That the communication of thy faith may become effectual by the acknowledging of every good thing which is in you in Christ Jesus.
7 For we have great joy and consolation in thy love, because the bowels of the saints are refreshed by thee, brother.

8 Wherefore, though I might be much bold in Christ to enjoin thee that which is convenient,

9 Yet for love's sake I rather beseech *thee*, being such an one as Paul the aged, and now also a prisoner of Jesus Christ.

10 I beseech thee for my son Onesimus, whom I have begotten in my bonds:
11 Which in time past was to thee unprofitable, but now profitable to thee and to me:

12 Whom I have sent again: thou therefore receive him, that is, mine own bowels:
13 Whom I would have retained with me, that in thy stead he might have ministered unto me in the bonds of the gospel:

14 But without thy mind would I do nothing; that thy benefit should not be as it were of necessity, but willingly.

15 As dóigh gur ab uime dimthigh sé ar feadh tamuill, ionnus go nglacfá é go síorruidhe;

16 Ní mar shearbhfhoghantuighe feasda, achd ós cionn shearbhfhoghantuighe, na dhearbhráthair ghrádhach, go háirighe dhamhsa, a né nach mo ná sin duitse, sa gcoluinn, agus sa Dtíghearna?
17 Uime sin má atá cumann eadrad agus misi, gabh chugad é mar mé féin.
18 Agus má rinne sé dioghbháil air bith dhuit nó má dhligheann tú éinní dhe, bíodh sé um leithse;
19 Misi Pól do sgríobh *so* rém láimh féin, do bhéur díoluidheachd uáim: bíodh nach abruim riot, go ndlighim thú féin fós ós a cheann sin díot.
20 A seadh, a dhearbhráthair, faghuim gáirdeachas uáid sa Dtíghearna: cómhfurtuigh mo chroídhe sa Dtíghearna.
21 Do sgríobh mé chugad, ar mbeith dhamh munighneach as húmhlachd, ar mbeith a fheasa agam go ndéuna tú ní sa mhó ná mar a deirim.
22 Agus maille ris sin ullmhuigh lóisdín damh: óir atá muinighin agum go bpronnfuighear dhíbh me tré bhur nurnuighíbh.
23 Cuiridh Epaphras (mo chómhphriosúnach a Niósa Críosd,)
24 Marcus, Airistarchus, Démas, *agus* Lúcas, mo chómhluchd cábhartha, a mbeannachd chugad.
25 Grása ar Dtíghearna Iósa Críosd ré bhur sbioruid. Amen.

15 For perhaps he therefore departed for a season, that thou shouldest receive him for ever;
16 Not now as a servant, but above a servant, a brother beloved, specially to me, but how much more unto thee, both in the flesh, and in the Lord?

17 If thou count me therefore a partner, receive him as myself.
18 If he hath wronged thee, or oweth *thee* ought, put that on mine account;

19 I Paul have written *it* with mine own hand, I will repay *it*: albeit I do not say to thee how thou owest unto me even thine own self besides.
20 Yea, brother, let me have joy of thee in the Lord: refresh my bowels in the Lord.

21 Having confidence in thy obedience I wrote unto thee, knowing that thou wilt also do more than I say.

22 But withal prepare me also a lodging: for I trust that through your prayers I shall be given unto you.
23 There salute thee Epaphras, my fellowprisoner in Christ Jesus;
24 Marcus, Aristarchus, Demas, Lucas, my fellowlabourers.

25 The grace of our Lord Jesus Christ *be* with your spirit. Amen.